

# Dó sa Chlós Cúil



## Dó Neamhrialaithe Ísealteochta Dramhaíola Cathrach sa Chlós Cúil

Gineadh os cionn 2.7 milliún tonna de dhramhaíl chathrach (idir dhramhaíl tí agus dhramhaíl thráchtála) sa bhliain 2001, méadú 31.5% ar an mbliain 1998.

B'ionann é sin agus beagnach 700kg de dhramhaíl chathrach do gach duine in Éirinn.

Críochnaíonn roinnt den dramhaíl seo i dtine sa chlós cúil.

## Dó sa Chlós Cúil - nach é sin a dhéanaimis riamh?

### Más ag dó dramhaíola sa bhaile atá tú, ní foláir duit ÉIRÍ AS!

Dóinn cuid mhaith daoine in Éirinn dramhaíl ar a gcuid talún féin. Ar na hábhair éagsúla a dhóitear, tá páipéar, cairtchlár, teicstíleanna, adhmaid, bia, barraíl ghairdín, sintéiseachtaí (plaisteach agus gloine, fiú amháin), miotal agus ceimiceáin tí. Tá an tuairim iomrallach ag daoine gur modh saor é an dó seo sa chlós cúil, mar a thugtar air, chun dramhaíl a choimeád amach as suíomhanna líonta talún atá ag cur thar maoil

cheana féin agus ceapann cuid mhaith daoine nach ndéanann sé aon dochar don chomhshaol. Is mór an dul amú atá orthu. Le **dó neamhrialaithe ísealteochta dramhaíola**, scaoiltear truailléin thocsaineacha go díreach isteach san aer i mbeagnach gach cás gan chóireáil ná scagadh. Tá sé sin ar cheann de na foinsí is mó do thruailleáin a chuireann isteach ar chaighdeán an aeir in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Tháinig beagnach 73% de na dé-ocsainí a astaíodh san aer in Éirinn ó dhó neamhrialaithe ísealteochta dramhaíola. Fágann sé sin go bhfuil an dó sa chlós cúil ar an bhfoinse aonair is mó as a scaoiltear dé-ocsainí isteach sa chomhshaol Éireannach.



Race against  
Waste

## Ní féidir go ndéanann sé dochar ....

Má chreideann tú é sin, ní mór duit léamh ar aghaidh.

Bíonn tionchar ag **dó neamhrialaithe ísealteochta** dramhaíola cathrach ar shláinte an duine, ar shábháilteacht bia agus ar an gcomhshaol. Mar a tharlaíonn, is mó i bhfad an dochar a dhéanann an dó dramhaíola cathrach neamhrialaithe seo ná mar a ceapadh

tráth. Léiríonn an taighde reatha go scaoiltear truailléin thocsaineacha isteach san aer nuair a dhóitear dramhaíl chathrach, i gcairn amuigh faoin aer, i mbairillí nó i gcuithí oscailte nó i loiscneoirí tí atá ar fáil ar bhonn tráchtála.

## Cé chomh holc agus a d'fhéadfadh sé a bheith i ndáiríribh?

Braitheann líon na dtocsainí a scaoiltear as **dó neamhrialaithe ísealteochta** i gclóis chúil ar chomhdhéanamh na dramhaíola atá á dó, ar theocht na tine agus ar an soláthar ocsaigine. Is é an fhadhb is mó a bhaineann le dó sa chlós cúil ná gurb annamh a dhéantar é ag teocht ard go leor chun substaintí tocsaineacha a scriosadh. Faoi dhálaí cneasta aimsire, is féidir do thocsainí a scaoiltear as an **dó neamhrialaithe ísealteochta** seo fanacht ag leibhéil chontúirteacha gar don talamh ar feadh i bhfad, rud a fhágann méideanna móra éillithe ag an bhfoinse. Tugtar thíos liosta truailléan is féidir a ghiniúint le **dó neamhrialaithe ísealteochta**:

- Dé-ocsainí agus fúráin, a bhfuil roinnt acu aicmithe mar charcaraiginí (.i. spreagann siad ailse).
- Comhdhlútháin luaineacha orgánacha, ar féidir dóibh cur le breoiteachtaí anáilaithe agus croí agus dochar a fhágáil ar na duáin agus ar an ae. Ina theannta sin, cuireann siad le bailiú ósóin ar leibhéal na talún (toitcheo fótaiceimiceach).
- Hidreacarbóin iltimthriallacha arómatacha a ghintear nuair nach déantar eilimintí den dramhaíl chathrach a dhó ar fad. Aithnítear gur carcaraiginí iad sin.
- Aonocsaíd charbóin ar féidir do mhéideanna beaga di masmas agus tinnis chinn a chruthú nuair a análaítear í. Cuireann aonocsaíd charbóin le cruthú ósóin íseal-leibhéil atá dochrach.
- Heacsaclórabéinsín, a bhfuil airíonna aige atá cosúil le dé-ocsainí toisc go mbíonn sé buanseasmhach agus go gcanann sé sa duine agus sa chomhshaol. Ar leibhéil áirithe nochtta, is féidir dó fadhbanna móra sláinte a chruthú - ailse, dochar do na duáin agus don ae, mar shamplaí.
- Ocsaídí nítrigine, a chuireann leis an mbáisteach aigéadach agus le cruthú ósóin ar leibhéal na talún. Le nochtadh gearthréimhseach d'arddlúis Dé-ocsaíd Nítrigine, féadfaidh drochthorthaí a bheith ann ó thaobh an chórais anáilaithe de.
- Mioncháithníní, a bhíonn chomh beag sin gur féidir dóibh dul isteach go doimhin inár scamhóga. Tá siad aitheanta le fadhbanna sláinte ar a n-áirítear broincíteas, asma agus taomanna croí. Is iad na daoine a bhfuil fadhbanna anáilaithe nó croí acu cheana féin, seandaoine agus naíonáin, is mó atá i mbaol nuair a nochtar iad do na cáithníní seo. Aithnítear go n-iompraíonn na cáithníní seo dé-ocsainí sa chomhshaol.
- Luaithreach a bhféadfadh mearcar, luaidhe agus arsanach a bheith ann. Tá siad sin tocsaineach do dhaoine agus d'ainmhithe nuair a shlogtar iad agus cruthaíonn siad fadhbanna croí agus déanann dochar do na duáin agus don ae. Má dhéantar iad a shil-leagan sa ghairdín, is féidir dóibh carnadh i nglasraí agus is féidir iad a chur ar aghaidh chuig daoine nuair a itear iad.

## Ach cheapas gurb as loiscneoirí amháin a tháinig dé-ocsainí.

Mícheart!

Is cumaisc cheimiceacha iad na dé-ocsainí agus na fúráin a scaoiltear amach i gcás dó an chuid is mó de shubstaintí nuair a bhíonn clóirín ann, go háirithe le plaisteach agus rubar ach fiú amháin le páipéar agus nuachtáin. Nuair a scaoiltear amach dé-ocsainí, dianscaoileann siad chomh mall sin gur truailléin leanúnacha sa chomhshaol iad go ceann roinnt mhaith blianta ina dhiaidh sin. A luaithe a théann dé-ocsainí isteach sa chomhshaol nó sa

cholainn, is féidir dóibh fanacht ann de dheasca na cobhsaíochta ceimiciúla a bhaineann leo agus is féidir dóibh carnadh sa tsail in ainmhithe agus sa duine. Tá roinnt cumasc dé-ocsainí tocsach agus tá nochtadh dóibh nasctha le clóraicne (loit chraicinn). Ina theannta sin, aithnítear dé-ocsainí amháin, TCDD, mar an ceann is tocsaí agus tá sé aicmithe mar charcaraigin don duine (spreagann sé ailse).

## Ach cheapas gurb as loiscneoirí amháin a tháinig dé-ocsainí.

### Cad as go díreach a bhfuil dé-ocsainí ag teacht in Éirinn?

Go príomha, is as dó neamhchríochnaithe dramhaíola a thagann na dé-ocsainí i gcomhshaol na hÉireann, agus is í an phríomhfhoinsé dé-ocsainí de réir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ná dó neamhrialaithe dramhaíola. Mheas an Ghníomhaireacht gur gineadh 93g de dhé-ocsainí in Éirinn sa bhliain 2000. Den mhéid sin, ba ghníomhaíochtaí neamhrialaithe dó a ghin 73% de na hastuithe sin. Is iad na príomhghníomhaíochtaí díobh sin ná dó dramhaíola sa bhaile (58% de na hastuithe) agus dóiteáin thimpisteacha i bhfoirgnimh (11% de na hastuithe).

Meastar go dtiocfaidh méadú ar na hastuithe dé-ocsainé ó 93g sa bhliain 2000 go dtí 110g sa bhliain 2010. Leanfaidh gníomhaíochtaí neamhrialaithe dó mar an fhoinsé

dé-ocsainí is mó i gcomhshaol na hÉireann - fiú amháin má tá na loiscneoirí dramhaíola cathrach uile atá beartaithe tógtha agus ag oibriú.

Meastar go ndéanfaidh tógáil agus oibriú loiscneoirí le haghaidh dramhaíola cathrach agus guaisí, de réir mar a beartaíodh sna pleananna réigiúnacha agus náisiúnta, 1.8% de na hastuithe dé-ocsainé isteach san aer a tháirgeadh sa bhliain 2010. Meastar gurb ón dó neamhrialaithe a thiocfaidh 84% de na hastuithe sin.

Is iad na dé-ocsainí a aithnítear a bheith á n-astú as loscadh dramhaíola agus a bheith ag críochnú sa talamh ná na dé-ocsainí atá sa luathreach a eascraíonn as dó na dramhaíola. Is féidir cóireáil a dhéanamh ar an luathreach sin agus é a scarúint ón gcomhshaol ginearálta trí é a thaisceadh in áiseanna daingne líonta talún.

### Canathaobh go bhfuilimid ag tógáil loiscneoirí, mar sin?

Níl aon chomparáid idir dó ísealteochta neamhrialaithe dramhaíola agus na dálaí ardteochta rialaithe agus rialáilte ina n-oibríonn loiscneoirí. Mar a tharlaíonn, tá na dé-ocsainí a astaítear as aon tonna amháin de dhramhaíl tí (meánleibhéal bliantúil na dramhaíola tí in aghaidh an teaghlaigh in Éirinn) 55 uair níos mó ná na dé-ocsainí a d'astófaí dá ndéanfaí an tonna céanna sin a chóireáil i loiscneoir nua-aimseartha dramhaíola cathrach.

Is é an teocht ag a n-oibríonn loiscneoirí an toisc ríthábhachtach maidir leis na háiseanna sin a dhealú ón dó neamhrialaithe sa chlós cúil. Déantar loiscneoirí nua-aimseartha cathrach a dhearadh chun dramhaíl a dhó ag teochtaí os cionn 8500C agus **scriostar** dé-ocsainí ag na teochtaí sin. Ina theannta sin, tá teicneolaíocht glanta gáis mhúcháin atá an-éifeachtach ag loiscneoirí nua-aimseartha, rud a fhágann nach sceitear isteach san atmaisféar an chuid is mó de na truailléin a tháirgtear nuair a dhóitear dramhaíl. Ar an taobh eile, is ag teocht idir 2000C agus 4000C a tharlaíonn formhór an **dó ísealteochta neamhrialaithe** agus sin é an teocht ag a **gcruthaítear** dé-ocsainí. Sceitear na truailléin go léir a chruthaítear ansin isteach sa chomhshaol gan aon chóireáil ná scagadh.

Ní hé an loscadh an freagra iomlán ar an dúshlán dramhaíola againn. Mar chuid den straitéis fhoriomlán bainistithe

dramhaíola, áfach, mar atá léirithe in Ardthas Dramhaíola AE, tá ról tábhachtach le himirt ag an loscadh i dteannta cosc, laghdú, athchúrsáil agus modhanna cóireála dramhaíola eile.

I dtuarascáil a foilsíodh sa bhliain 2003, léirigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann nach gcuirfidh áiseanna loiscneora dea-bhainistithe mórán leis na leibhéil dé-ocsainé sa slabhra bia agus nach gcuirfidh siad isteach ar chaighdeán ná ar shábháilteacht an bhia, ar shláinte an duine ná ar an gcomhshaol.



## Cad is féidir linn a dhéanamh?



Tá Éire ag bogadh i dtreo bainistiú níos sofaisticiúla a dhéanamh ar dhramhaíl agus béim mhór a bheith á leagan ar laghdú ar an méid dramhaíola a bhíonn á táirgeadh

againn, athchúrsáil a dhéanamh a mhéid is féidir, cóireáil theirmeach a dhéanamh ar dhramhaíl nach féidir a athchúrsáil, agus íoslaghdú a dhéanamh ar an líonadh talún. Cé go bhfearann gach rogha bainistithe dramhaíola ar an gcomhshaoil, cinntíonn an cur chuige comhiomlánaithe sin go ndéantar an tionchar sin a íoslaghdú.

Fearann dó ísealteochta neamhrialaithe ar an gcomhshaoil níos mó ná aon rogha bainistithe dramhaíola eile.

Ní mór dúinn éirí as an gcleachtas sin ANOIS.

Ní dhéanann loiscneoir nua-aimseartha cathrach atá ag cóireáil 1 milliún tonna dramhaíola i ndálaí rialaithe ach 0.54 gram de dhé-ocsainí a sceitheadh isteach san atmaisféar. Measadh i dtuarascáil de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le déanaí (2001) gur tháirg 60,000 tonna dramhaíola a dódh sa chlós cúil 18 gram de dhé-ocsainí.

### Astuithe Réamh-Mheasta Dé-Ocsainí sa bhliain 2010

(cion % de na hastuithe aeir ar fad)

